

Polasaí Meán Sóisialta

Déanann Aonad Cumarsáide an Choimisiúin um Chosaint Sonraí (DPC) bainistiú ar chuntas Twitter, cuntas Instagram, agus cuntas LinkedIn de chuid an DPC. Tugann an polasaí seo mionsonraí ar an gcineál ábhair a fhoilsímid chomh maith le conas a dhéanaimid caidreamh le daoine eile ar na hardáin seo.

Ligeann ár gcuntais meán sóisialta don DPC nuacht agus nuashonruithe a chur in iúl go pras. Níl sé i gceist go n-úsáidfear iad chun iarratais méan a chur isteach; is féidir iad seo a sheoladh trí ríomhphost chuig media@dataprotection.ie.

Ná háiteanna ina dtéimid i dteagmháil

Rachaidh an DPC i dteagmháil ar:

- Ár Suíomh Gréasáin (www.cosantasonrai.ie);
- Ár gcuntas Twitter (<https://twitter.com/DPCIreland>)
- Ár gcuntas LinkedIn (<https://ie.linkedin.com/company/data-protectiton-commissioner-of-ireland>); agus
- Ár gcuntas Instagram (<https://www.instagram.com/dpcireland/>).

Ní sheasann leathanaigh, cuntais nó grúpaí a bhfuil ainm an DPC orthu (seachas iad siúd a luaitear thuas) don DPC. D'fhéadfadh an DPC cinneadh a dhéanamh ag am éigin amach anseo chun úsáid a bhaint as cineálacha breise nó cineálacha eile meán sóisialta. Déanfar an polasaí seo a uasdátú ag an bpointe sin.

Ábhar

Is féidir leo siúd a leanann an DPC ar na meáin sóisialta bheith ag súil le heolas lena n-áirítear:

- Ábhar ónár suíomh gréasáin, lena n-áirítear treoir do dhaoine aonair agus d'eagraíochtaí araon.
- Preaseisiúintí agus ráitis ón DPC.
- Tuairisciú ar imeachtaí a d'fhreastail an DPC ann nó a bhí eagraithe ag an DPC.
- Agallaimh preasa le hionadaí ón DPC.
- Ábhair ónár n-údaráis comhpháirtithe um chosaint sonraí de réir mar is cuí.

- Eolas praiticiúil eile maidir le cosaint sonraí.

Leantóirí

Ní bheidh aon oibleagáid ar an DPC go leanfaidh sé aon ceann dá leantóirí/úsáideoirí eile meán sóisialta. Má leanann an DPC cuntas Twitter, LinkedIn nó Instagram, ní léireoidh sé seo aon sórt tacaíochta. Tá sé de cheart ag an DPC bac a chur ar aon úsáideoir(i), agus aon sórt ábhair a bhaint óna bhealaí meán sóisialta féin, mura gcloíonn sé leis an bPolasaí seo.

Ceisteanna, Freagraí agus Teachtaireachta Dírí

Déanfaidh an DPC monatóireacht ar ár gcuntais Twitter, LinkedIn agus Instagram. Coimeádfar súil ar aiseolas agus gníomhófar dá reir mar is cuí. Mar sin féin, ní thabharfaidh an DPC freagraí go hindibhidiúil ar phostálacha, tvuíteanna, nó teachtairachtaí dírí. Ní thabharfaidh an DPC freagra ach oiread dóibh siúd atá ag iarraidh gearáin a dhéanamh nó sárú a thuairisciú trí na meáin sóisialta. Is é an bealach is fearr le cumarsáid a dhéanamh linn, gearán a dhéanamh, nó sárú a thuairisciú ná trí na sonraí ar ár suíomh gréasáin.

Caint Mhaslach/Turscar

Scríosfar aon teachtairachta, postálacha nó tráchtanna maslaí nó más turscar ata i gceist leo. Mar thoradh air seo, d'fhéadfaí go gcuirfear bac ar leantóirí nó go ndéanfar gearán fúthu trí na bealaí tiomnaithe den ardán meán sóisialta ar a tharla an drochíde.

Cosaint Sonraí

Níor cheart go bpostálfadh daoine aon eolas pearsanta go poiblí agus, má phostálann, déantar é ar a bPriacal féin.

Athbhreithniú ar an bPolasaí

Déanfaidh an DPC athbhreithniú ar an bPolasaí seo le himeacht ama agus i bhfianaise aon athruithe maidir le nós imeachta oibríochtúil.